

Measúnú Deiridh

Tá scrúdú praiticiúil agus scrúdú scríofa i gceist.

Measúnú foirmitheach leanúnach ag tacú leis an bhfoghlaim	Measúnú Deiridh (Bliain 3)	
	Eisithe & Marcáilte ag Coimisiún na Scrúduithe Stáit	
	Scrúdú Praiticiúil ar Scileanna Bia	Scrúdú Scríofa
	<ul style="list-style-type: none">Bunaithe ar MRB 2, an treoir maidir le scileanna i dtuiscint ar bhiaScileanna cócaireachta agus cruthaitheacha a léiriú maidir le tuiscint ar bhia nuair atá an treoir roghnaithe á cur i bhfeidhm1 uair 30 nóim. + 30 nóim. ullmhúcháin50% den mharc deiridh	<ul style="list-style-type: none">1 uair 30 nóim50% den scrúdú mharc deireadh
Tuiriscithe sa PGSS		

Cén áit a bhfaighinn breis eolais?

www.curriculumonline.ie- Is é seo suíomh gréasáin na Comhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta (CNCM) san áit a bhfaighidh tú príomhdhoiciméid cosúil leis an gCreat don tSraith Shóisearach (2015), sonraíocht Eacnamaíocht Bhaile na Sraithe Sóisearaí agus Treoirlínte le haghaidh na MRBna.

www.jct.ie- Is é seo suíomh gréasáin sheirbhís tacaíochta an SSM. An aidhm atá ag an SSM ná tacú le scoileanna agus iad ag cur i bhfeidhm an Chreata nua don tSraith Shóisearach trí fhorbairt ghairmiúil leanúnach d'ardchaighdeán a sholáthar do cheannairí scoile agus do mhúinteoirí agus trí acmhainní éifeachtacha teagasc agus foghlama a chur ar fáil.



Lean [@JCforTeachers](https://twitter.com/JCforTeachers) agus lean Foireann na hEacnamaíochta Baile [@jctHomeEc](https://twitter.com/jctHomeEc) Tá foireann de chomhairleoirí lánaimseartha againn ar féidir teagmháil r-phoist a dhéanamh leo ag info@jct.ie

Eacnamaíocht Bhaile na Sraithe Sóisearaí Turas Foghlama

1ú Bliain

Plé le torthaí foghlama
Measúnú foirmitheach ag tacú leis an bhfoghlaim

2ú Bliain

Plé le torthaí foghlama
Measúnú foirmitheach ag tacú leis an bhfoghlaim
Measúnú Rangbhunaithe 1
Teicstílí Cruthaitheacha
{Cruinniú don Athbhreithniú ar Fhoghlaim agus ar Mheasúnú Ábhair (AFMÁ)}

3ú Bliain

Plé le torthaí foghlama
Measúnú foirmitheach ag tacú leis an bhfoghlaim
Measúnú Rangbhunaithe 2
Treoir maidir le Scileanna i dtuiscint ar Bhia
{Cruinniú don Athbhreithniú ar Fhoghlaim agus ar Mheasúnú Ábhair (AFMÁ)}
Scrúdú Praiticiúil ar Scileanna Bia
{Eisithe & Marcáilte ag Coimisiún na Scrúduithe Stáit}
Scrúdú Scríofa Deiridh
{Eisithe & Marcáilte ag Coimisiún na Scrúduithe Stáit}

An tSraith Shóisearach do Mhúinteoirí
JuniorCYCLE
for teachers

Eolas
ar an tSraith
Shóisearach
Eacnamaíocht
Bhaile

Is iad aidhmeanna Eacnamaíocht Bhaile na Sraithe Sóisearaí:

- eolas, meonta, tuiscint, scileanna agus luachanna scoláirí a fhorbairt chun barr feabhais a bhaint amach i dtaca le maireachtáil, folláin agus inbhuanaithe gach duine mar dhuine aonair, agus mar bhaill de theaghlaigh agus den tsochaí
- forbairt ar scileanna praiticiúla scoláirí maidir le hinniúlacht i gcúrsaí bia agus sláinte agus cinní eolasacha a dhéanamh a mbeidh tionchar dearfach acu ar a sláinte agus a bhfolláine mar dhaoine aonair agus laistigh dá sochaí chomh maith
- cothaíonn Eacnamaíocht Bhaile seiftiúlacht, nuálaíocht, inoiriúnaitheacht agus inniúlacht scoláirí mar thomhaltóirí
- forbraíonn sé scileanna dearadh cruthaitheach agus teicstílí cruthaitheacha scoláirí
- scoláirí a fhorbairt atá meabhrach ar an gcomhshaol agus atá dírithe ar shaol inbhuanaithe freagrach a chaitheamh

Forbhreathnú ar an gCúrsa


Dearadh sonraíocht Eacnamaíocht Bhaile na Sraithe Sóisearaí i gcomhair íosmhéid 200 uair an chloig thar thrí bliana agus cuirtear ar fáil í ag leibhéal comónta. Úsáidtear cur chuige trasdisciplíneach sa tsonraíocht a chuireann nascadh na dtrí snáithe chun cinn i dteagasc agus i bhfoghlaim an ábhair.

Is iad na trí shnáithe nasctha sa sonraíocht:

1. **Bia, sláinte agus scileanna cócaireachta**
2. **Saol teaghlaigh freagrach**
3. **Teicstílí agus ceardaíocht**

Chun tuilleadh béime a chur ar nádúr comhtháite fhoghlaim na hEacnamaíochta Baile, cuirtear torthaí foghlama gach ceann de na snáitheanna i ngrúpaí de réir **ceithre ghné**:

- **Cumhachtú an duine aonair agus an teaghlaigh**
- **Sláinte agus folláine**
- **Maireachtáil fhreagrach agus inbhuanaithe**
- **Inniúlacht tomhaltóirí**



Torthaí Foghlama

Baineann na 41 toradh foghlama sa tsonraíocht le **gach** scoláire. Cuireann na torthaí foghlama síos ar an **eolas**, an **tuiscint**, na **scileanna** agus na **luachanna** ar chóir don scoláire a bheith ábalta a thaispeáint tar éis trí bliana den tsraith shóisearach.

Trí chur chuige iomlán comhtháite i leith na pleanála, ag úsáid na dtorthaí foghlama, cuirtear barr feabhais ar rannpháirtíocht agus ar fhoghlaim na scoláirí.

Measúnú in Eacnamaíocht Bhaile

Is é sprioc an mheasúnaithe agus an tuairiscithe ag an gcéim seo san oideachas ná tacú leis an bhfoghlaim. Trí chur chuige níos leithne i leith an mheasúnaithe tabharfar deis do scoláirí a bheith machnamhach agus gníomhach agus iad rannpháirteach ina gcuid foghlama. Is comhpháirt ríthábhachtach den mheasúnú ardcháilíochta é go dtugtar aiseolas fócasaithe.

Measúnú Rangbhunaithe (MRBna)

Déantar na MRBna le linn am ranga. Trí mheán na MRBna, tá sé i gceist go mbeidh na scoláirí páirteach ar bhonn gníomhach in eispéiris phraiticiúla agus uathúla.

Measúnú foirmitheach leanúnach ag tacú leis an bhfoghlaim	MRB 1 (Bliain 2) Teicstílí Cruthaitheacha	MRB 2 (Bliain 3) Treoir maidir le Scileanna i dTuiscint ar Bhia
		<ul style="list-style-type: none"> • Próiseas maidir le treoir dhearadh a chur i bhfeidhm • Prionsabail an dearadh agus na hinbhuanaitheachta a chur i bhfeidhm • Mír teicstíle do dhuine aonair nó don teach a dhéanamh nó Mír teicstíle a athchúrsáil nó a uaschúrsáil do dhuine aonair nó don teach

Tuairiscithe i bPróifíl Ghnóthachtála na Sraithe Sóisearaí (PGSS)

Cruinnithe don Athbhreithniú ar Foghlaim agus ar Mheasúnú Ábhair (AFMÁ)

Chun cabhrú le breithiúnas múinteoirí sna MRBna, leagtar amach Gnéithe Cáilíochta sna Treoirlínte Measúnaithe. Tugann cruinnithe AFMÁ an deis do mhúinteoirí samplaí dá gcuid measúnuithe a chomhroinnt agus a phlé agus, dá réir sin, teacht ar chomhthuiscint i dtaca le cáilíocht foghlama na scoláirí.